Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7007/26**

**DELACT 44**
**PECHE 78**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1313 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 4.3.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1313 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1313 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2026
C(2026) 1313 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don rialachán tarmligthe Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe a leagtar amach i Moladh 25-04 ICCAT a chur chun feidhme, ar Moladh é lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir[2], plean a glacadh ag an 29ú cruinniú bliantúil den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) i mí na Samhna 2025.

Is le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/837 ón gCoimisiún a leasaíodh Rialachán (AE) 2023/2053 den uair dheireanach an 7 Feabhra 2025[3].

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 67(4) de Rialachán 2023/2053, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú maidir leis an dréachtrialachán.

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4], cuireadh an rialachán tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 leis an rialachán tarmligthe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– méid an chuóta bhliantúil tuinníní gorma nár úsáideadh a mhéadú ó 5 % go 20 %, ar cuóta é is féidir a thabhairt anonn ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile;

– tús an tséasúir iascaireachta le haghaidh soithí peas-saighne sa Mheánmhuir a thabhairt chun tosaigh 1 seachtain amháin agus, faoi chuimsiú treoirthionscadail arna fhormheas ag ICCAT, fad an tséasúir peas-saighneoireachta a bhunú chun críoch feirmeoireachta in uiscí na Mara Cantabraí agus na nOileán Canárach;

– laghdú a dhéanamh ar an tréimhse ar lena linn nach mór athruithe ar an gcineál soithigh iascaireachta, seachas soithí gabhála, a chur in iúl do ICCAT;

---

1 Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj.

2 Moladh 25-04 ó ICCAT lena n-ionadaítear Moladh 24-05 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-04-e.pdf.

3 Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/837 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2025/837, 2.5.2025), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/837/oj.

4 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

– Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2053 a leasú trí thábla a chur isteach ina bhfuil faisnéis atá le soláthar maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar thorthaí na gcigireachtaí arna ndéanamh faoin Scéim maidir le Comhchigireacht Idirnáisiúnta;

– na híoschaighdeáin maidir le nósanna imeachta fístaifeadta in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2053 a thabhairt cothrom le dáta;

– sna hiarscríbhinní, ‘a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, a shíniú’ a chur in ionad ‘a bhailíochtú’ i ndáil le cúraimí breathnóra.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 4.3.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627[5], agus go háirithe Airteagal 66, mír 1, pointí (a) go (c) agus (k), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas, tar éis dó Coinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[6].

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiúin ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. D'fhéadfadh bearta mar sin a bheith ina gceangal ar an Aontas.

(3) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Rialachán (AE) 2023/2053[7], ghlac ICCAT, ag a chruinniú bliantúil in 2025, Moladh 25-04 i ndáil le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir[8]. Tá forálacha i Moladh ICCAT 25-04 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an chuóta bhliantúil tuinníní gorma nár úsáideadh, ar cuóta é is féidir a thabhairt anonn ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile, ar an séasúr peas-saighneoireachta agus ar na nósanna imeachta um

---

[5] Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2053/oj.

[6] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33, http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/837 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bainistiú tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2025/837, 2.5.2025), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/837/oj.

[8] Moladh 25-04 ó ICCAT lena n-ionadaítear Moladh 24-05 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, https://iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-04-e.pdf.

fhaisnéis a chur in iúl i gcás sáruithe faoi chuimsiú na Scéime maidir le Comhchigireacht. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(4) Thairis sin, is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/2053 chun iomlán na n-íoschaighdeán maidir le nósanna imeachta fístaifeadta in Iarscríbhinn X a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh soithí de chuid an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2053 mar a leanas:

(1) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2;

2. Féadfaidh Ballstát a iarraidh go n-aistreofar uaschéatadán 20 % dá chuóta bliantúil ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an iarraidh sin san áireamh ina phleananna bliantúla iascaireachta agus bainistíochta acmhainneachta atá le cuimsiú i bplean iascaireachta agus bainistíochta acmhainneachta an Aontais chun go bhformhuineoidh ICCAT í.'

(2) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ceadófar peas-saighneoireacht ar thuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir ón 19 Bealtaine go dtí an 1 Iúil gach bliain.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a:

'4a. De mhaolú ar mhír 1, is ón 26 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa a bheidh an séasúr peas-saighneoireachta sa Mhuir Chantabrach (limistéir iascaireachta ICES 27.8.b agus 27.8.c) chun críoch feirmeoireachta.'

(c) cuirtear an mhír 4b seo a leanas isteach:

'4b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an Spáinn a iarraidh, ina plean iascaireachta bliantúil le haghaidh 2026, dá dtagraítear in Airteagal 11, go gceadófaí do shoithí peas-saighne, a bhfuil baint acu leis an treoirthionscadal chun feirmeoireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma sna hOileáin Chanáracha, iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma ón 15 Márta go dtí an 30 Bealtaine i limistéar FAO 34'.'

(3) In Airteagal 26, mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i ndiaidh phointe (b) den chéad fhomhír:

'I gcás an liosta soithí i bpointe (b), féadfaidh an tréimhse chun na liostaí soithí a chur isteach a bheith níos lú ná 1 mhí amháin i gcás inar athruithe ar an módúlacht is cúis leis an liosta sin a chur isteach.'

(4) Leasaítear Iarscríbhinní VIII, IX, X, XII agus XVb i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*